# Polasaí Theagmhais Ghéibheannach

# Scoil Santain 2022

**<u>Polasaí Theagmhas Ghéibheannach.</u>**

Tá sé mar aidhm ag Scoil Santain sláinte a daltaí a chosaint trí thimpeallacht shábháilte chothaitheach a chur ar fáil dóibh i gcónaí.

Tá cúpla beartas tógtha ag Scoil Santain chun ethos thacúil, a chur ar fáil ar scoil.

Tá cúpla polasaí agus nósanna imeachta curtha le chéile ag an scoil a caithfear a leanacht chun sábháilteacht fhisiciúil agus shíceolaíocht na foirne agus na ndaltaí a chosaint aon am agus i gcás theagmhais ghéibheannach ach go háirithe.

**<u>Sainmhíniú Theagmhais Ghéibheannach.</u>**

Dár le Scoil Santain is ionann teagmhas ghéibheannach agus "eachtra nó srath eachtraí a threascraíonn gnáth / chóras tacaíochta na scoile agus a chuireann isteach ar fheidhmiú na scoile".

D'fhéadfadh go mbeadh baint ag dálta, ag fostaí scoile, ag tuismitheoir nó ag duine ón bpobal áitiúil le teagmhas géibheannach.

**<u>I measc na dteagmhas a d'fheadfadh a bheith i gceist tá:</u>**

- Bás bhaill de phobal na scoile trí bhás tobann, trí thimpiste.
- Trí thinneas marfach nó trí féin mharú.
- Ionsaí / briseadh isteach ar an scoil.
- Ionsaí fisiciúil ar dhalta nó ar bhall den bhfoireann.

- Imeacht bhaill de phobal na scoile gan táisc gan tuairisc.
- Timpiste ina raibh baill de phobal na scoile páirteach inti.

**Aidhm.**

Tuigeann Scoil Santain an tábhacht a ghabhann le pleanáil maidir le bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais ghéibheannacha agus is mar gheall ar sin go bhfuil Polasaí agus Plean Bainistíochta ar theagmhas ghéibheannach curtha le chéile ag an scoil

Tá súil againn go gcuideoidh an Polasaí agus an plean leis an bhfoireann gníomhú go sciobtha agus go h-éifeacht i gcás an theagmhais agus go n-aireoidís go mbeadh smacht acu ar chúrsaí.Ba chóir go gcabhródh an polasaí agus an plean leis an scoil filleadh ar a gnáth bhealaí chomh luath agus is féidir é agus go ndéanfaidís teorannú thionchair an theagmhais ar na daltaí agus ar an bhfoireann.

**Ethós chúraim agus thacúil a chruthú sa scoil.**

Tá córais leagtha amach againn chun laghdú a dhéanamh ar tharlú theagmhais. Ina measc siúd tá beartais ann chun díriú ar shábháilteacht fhisiciúil agus shíceolaíocht na foirne agus dhaltaí.

**Sábháilteacht Fhisiciúil / Beartais Sheachanta**

Cf. ***Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta Scoil Santain***.

- ***Plean Éalaithe.***
- Cleachtaítear ***druil thine*** go rialta.
- ***Maoirseacht*** roimh, i rith agus tar éis am scoile am scoile 8.50, 10.45-11.00, 12.35-1:00, 13.30, 14.30.
- ***Doirse na scoile faoi ghlas*** i rith am scoile ach is féidir iad a oscailt ón taobh istigh.
- ***Rialacha an Chlóis*** cf. ***Cód Iompair agus Araíonachta Scoil Santain*** agus ***An Dialann Scoile.***

- ***Rialacha Taobh Istigh*** cf. ***Cód Iompair agus Araíonachta Scoil Santain*** agus ***An Dialann Scoile***.

**Sábháilteacht Shíceolaíoch.**

Tá sé mar aidhm ag Scoil Santain timpeallacht oscailte spreagthúil a chothú ar scoil inár féidir le daltaí labhairt faoi na deacrachtaí ata acu, agus cabhair a iarraidh lena n-aghaidh.

- Múintear ***Cláir Oideachais Shóisialta Pearsanta agus Sláinte*** mar chuid den churaclam a dhíríonn ar ábhair ar nós an bhróin, caillteanas, scileanna cumarsáide, bainistíocht strusa agus feirge, bainistíocht coimhlinte, réiteach fadhbanna, ag lorg cabhrach ag déanamh cinní, seachaint alcóil agus drugaí srl.

**Mar chuid den ghné seo déantar :**

- ***Am Ciorcail***.
- **An Clár Bí Sábháilte.**
- **Seachtain Féin *Mhuiníne agus Féin Mheasa.***
- ***Polasaí Frith-Mhaistínteachta Scoil Santain 2018.***
- ***Fun Friends / Friends For Life***
- ***Fí na Folláine***
- **An Nead/Na Dreoilíní**
- Tugtar **eolas** d'fhoireann na scoile faoi dheacrachtaí agus riachtanais dhaltaí aonair agus iad aireach ina dtaobh.
- Bíonn fáil ag an bhfoireann ar leabhair agus ar ***acmhainní*** a bhaineann le deacrachtaí dhaltaí bunscoile.
- Tá nascanna cothaithe ag an scoil le ***h-eagrais lasmuigh*** den scoil ar féidir daltaí a sheoladh ar aghaidh chucu msh; na Gardaí Síochána (cúirteanna ranga- sábháilteacht thine agus phearsanta).

Ionad Sláinte Shruthán an Mhuilinn, Barnardos.

An t-Seirbhís Shíceolaíochta Náisiúnta Oideachais.

Accord- ceachtanna a bhaineann le fás gaoil agus gnéasachta.

**<u>Foireann Bainistíochta Theagmhais Ghéibheannach.</u>**

Tá ***Foireann Bainistíochta Theagmhais Ghéibheannach (F.B.T.G)*** bunaithe ag Scoil Santain de réir dheá-chleachtais  ar bhunús bhun seasmhach. Roghnaíodh baill na foirne ar bhonn deonach agus fanfaidh siad ina rólanna ar feadh scoil bhliain amháin ar a laghad. Beidh cruinniú ag na baill uair in aghaidh na bliana chun an plean a athbhreithniú  agus chun é a thabhairt suas chun dáta. Tá ***Pacáiste Réidh le  n-Imeacht*** ag gach ball den bhfoireann ina bhfuil na h-ábhair a mbainfear leas astu i gcás eachtra.

**<u>Rólanna.</u>**

**<u>Seo iad na Príomh Rólanna</u>**.

- ***Ceannaire na Foirne:*** An Príomhoide/ an Príomhoide Ionaid. /**Róisín, Sinéad, Páraic**

- ***Ceannaire Chaidreamh Foirne***:  Ionadaí Foirne Chumann Múinteoirí Éireann. **Conchúr**, **Anna, Sinéad**

- ***Ceannaire Chaidreamh Daltaí***: Príomhoide Cúnta 1: **Deirdre, Maitiú, Síle, Rosalind**

- ***Ceannaire Chaidreamh Tuistí***/ ***Caomhnóirí*** Beirt ionadaí ón mBord Bainistíochta:

**Cian Ó Murchadha, Olivia Uí Chonghaile.**.

· ***Ceannaire Chaidreamh Pobail***: An Comhordanóir Chaidreamh Baile Scoile, Pobail. **Páraic**.

· ***Ceannaire Chaidreamh leis na Meáin Cumarsáide***: An Príomhoide, An Príomhoide Ionaid, nó Príomhoide Cúnta 1. **Páraic**.**Pól, Róisín.**

· ***Ceannaire Riaracháin***: Rúnaí na Scoile. **Debbie**/**Suzanne/Mary**.

Seo iad freagrachtaí a bhaineann le gach ról i gcás theaghmhais ghéibheannaigh. Múna bhfuil fáil ar an bPríomhoide mar cheannaire foirne beidh (1) An ***Príomhoide Ionaid*** ina áit.

**<u>Ceannaire Foirne. Róisin, Sinéad, Páraic</u>**
Cuireann sé/sí baill na foirne ar an eolas go bhfuil géarchéim ann agus tionólann sé/sí cruinniú.

·

Duine le h-údarás gur féidir leis/leí cinneadh a dhéanamh i gcás ghéarchéime m.sh., dúnadh scoile freastal ar sheirbhísí cuimhneacháin.

Tascanna na foirne a chomhordanú

· Teagmháil leis an mBord Bainistíochta agus an Roinn

Oideachais agus Scileanna.

· Teagmháil le clann an mhairbh.

**<u>Ceannaire Chaidreamh Foirne :Sinéad, Anna, Conchúr.</u>**

· Freagrach as cruinnithe leis an bhfoireann a chuir ar

Baill den bhfoireann a bhfuil iontaoibh acu ann/inti agus ar maith leo é/í.

an eolas faoi fhíricí an eachtra agus a thugann deis

do bhaill na foirne a gcuid mothúcháin a chur in iúl

agus a leagann amach clár an lae.

· Treoir a tabhairt do bhaill eile na foirne faoi

dhaltaí leochaileacha.

· Airdeallach maidir le baill foirne leochaileacha agus

a dhéanann teagmháil leo ar bhonn aonair.

· Ábhair an phacáiste “réidh le n-Imeacht” a chur ar

fáil don bhfoireann.

Duine a bhfuil muinín ag na daltaí as/aistí

**<u>Ceannaire Chaidreamh Daltaí : Deirdre, Maitiú, Síle, Rosalind.</u>**

· Caidreamh a dhéanamh le baill foirne eile le h-iad a

choinneáil suas chun data maidir le h-eolas agus dul

chun cinn.

· Aird baill a tharraingt ar dhaltaí leochaileacha.

· Ábhair a chur ar fáil do dhaltaí ón bpacáisté réidh

len n-imeacht.

Duine a bhíonn i dteagmháil le heagrais agus daoine suntasacha sa phobal.

**<u>Ceannaire Chaidreamh Pobail : Páraic, Pól.</u>**

· Caidreamh le h-eagrais i measc an phobail d’fhonn

tacaíocht agus breis cabhrach a thabhairt.

· Baill foirne a thabhairt suas go dáta maidir le h-ionchur

na n-eagras seachtarach.

· Comhordanú ar ionchur na n-eagras seachtarach.

· Liostaí teagmhála a choinneáil suas chun dáta de

Thuistí suntasacha m.sh., baill de Choiste na dTuistí, baill de

sheirbhísí éigeandálacha tacaíochta agus teagmhálacha

agus acmhainní seachtaracha eile.

Duine a bhfuil aithne ar thuistí air atá ar a chompord ag labhairt le grúpaí móra agus atá in ann láimhseáil a dhéanamh ar mhothúcháin duine eile.

**<u>Ceannaire Chaidreamh Tuistí/Caomhnóirí. Cian Ó Murchcadha, Olivia Uí Chonghaile agus Páraic.</u>**

· Cruinnithe “ceisteanna agus freagraí” a reachtáil.

· Bualadh le tuistí aonair.

· Ábhair a chuir ar fáil do thuistí ón bpacáiste

“***Réidh le n-Imeacht***”.

· Cuairt ar mhuintir an mhairbh leis an gceannaire foirne.

**Ceannaire Caidreamh leis na Meáin Cumarsáide. Páraic /Pól/ Róisín**

.

Duine le scileanna idir phearsanta agus a bheidh ar a compord ag labhairt leis na meáin nó ar an nguthán nó i bpearsan.

Duine atá in ann teorainn a leagan síos go soiléir agus go cineálta ag labhairt leis na meáin.

Mar ullmhúchán don ról ní mór machnamh a dhéanamh

ar rudaí a d'fhéadfadh tarlú le linn eachtra agus na bealaí

a d'fheadfaí freagairt a dhéanamh orthu (m.sh., daltaí a

chur faoi agallamh, grianghrafadóirí ar an suíomh srl.).

· Caidreamh a dhéanamh le Rannóg Cumarsáide na

Roinne Oideachais agus Scileanna (R.O.S.) i gcás timpiste.

**Ceannaire Riaracháin, Debbie/Suzanne/Mary.**

Liosta d'uimhreacha na ndreamanna seo a leanas a choimeád suas chun dáta

- Tuistí/Caomhnóirí.
- Múinteoirí/ fostaithe eile de chuid na scoile.
- Seirbhís tacaíochta éigeandála.
- Eagrais sheachtracha.
- Eolas thacaíocht éigeandála do thurais scoile agus imeachtaí scoile.
- Freagairt glaonna gutháin, litreacha, ábhair le fótachóipeáil.

**Coinneal Taifead.**

Coinneoidh gach ball den bhfoireann mionthaifead de ghlaonna gutháin curtha agus glactha litreacha seolta agus glactha de chruinnithe, de dhaoine ar bualadh leo, de straitéis idirghabhálacha ar úsáideadh, ábhar a úsáideadh srl. Beidh ról lárnach ag ***rúnaí na scoile*** sa mhír seo.

**Litir Chuig Tuistí/Caomhnóirí.**

Ullmhóidh An Príomhoide Cúnta 1 ráiteas gairid scríofa ina mbeidh

- Cur in iúl chomhbhá phobal na scoile don duine/ teaghlach/ chlann ar cailleadh duine muintire/cara leo.
- Eolas moltach nó ráitis faoin duine gortaithe / básaithe.
- Fíricí an eachtra.
- Céard atá déanta.
- Céard atá le déanamh.

**Rúndacht agus Deá-Cháil.**

Tá freagracht ar an scoil, príobháideachas agus dea-chlú duine ar bith a bhfuil baint acu leis an eachtra, a chosaint. Beidh an scoil an-aireach i dtaobh ráiteas poiblí ar bith agus na

h-impleachtaí a ghabhann leis agus iarrfar ar fhoireann na scoile agus ar na daltaí é sin a thabhairt chun cuimhne (msh.) ní bhainfear leas as an téarma “féin mharú” gan cead a fháil ón gclann lena mbaineann sé ar dtús nó go bhfuiltear cinnte dearfa de gur de thoradh féin mharaithe a tharla bás an duine. Bainfear úsáid as téarmaí ar nós bás tobann, nó bás tragóideach ina áit.

**Seomra Theagmhais Ghéibheannach.**

Baintear úsáid as ***Halla na Scoile*** mar seomra theagmhais ghéibheannach chun bualadh leis an bhfoireann, le mic léinn, tuistí agus cuairteoirí a bhfuil baint acu leis an eachtra.

**Forbairt agus Cumarsáid an Pholasaí agus an Phlean seo.**

Chuathas i gcomhairle leis an bhfoireann agus iarradh orthu ráiteas a sheoladh. Tharla an rud céanna maidir le hionadaithe na dtuist/caomhnóirí. Cuireadh ***Plean agus Polasaí Theagmhas Ghéibheannach*** na Scoile faoi bhráid na foirne.

Tá ***cóip pearsanta*** ag gach ball d'fhoireann den ***Phlean Theagmhais Ghéibheannach***.

Cuirfear gach ball nua agus sealadach den bhfoireann ar an eolas faoi shonraí an Phlean trí chóip a thabhairt daoibh agus labhairt faoi ag cruinnithe foirne.

Tagairtí

***Responding to Critical Incidents in Schools***,

National Educational Psychological Services (N.E.P.S).

***When Tragedy Strikes***, (N.E.P.S).

***Guidelines to Effective Response to Critical Incidents***, (I.N.T.O.)

## Na Príomh Rólanna

| **Dualgas** | **Ainm** |
|---|---|
| Ceannaire na Foirne | An Príomhoide. **Róisin**.<br>An Príomhoide Ionaid**. Sinéad**<br>An Príomhoide Cúnta 1: **Páraic** |
| Cumarsáid | An Príomhoide: **Róisin**<br>Príomhoide Ionaid : **Sinéad**<br>An Príomhoide Cúnta 1: **Páraic.** |

| | |
|---|---|
| Riarachán | An Rúnaí Scoile. **Debbie/Mary/Suzanne** |
| Maoirseacht | Foireann na Scoile, Cúntóirí Riachtanais Speisialta & na Múinteoirí**, Gearóidín, Mary, Marian & Shelley**, **Marilyn & Yvette.** |
| Caidreamh leis na Meáin | Príomhoide/ Príomhoide Ionaid/ Sealbhóir Post Freagrachta. **Páraic**,**Pól**, **Róisín**. |
| Caidreamh le Tuistí | Múinteoir Caidreamh Baile, Scoile,agus Pobail **Páraic.** Tuistí :Beirt Bhall den Bhord Bainistíochta: **Cian/ Olivia**. |
| Caidreamh Pobail | Múinteoir Caidreamh Baile, Scoile agus Pobail: **Páraic**.**Pól** |
| Caidreamh le Daltaí | An Príomhoide Cúnta 1 : **Maitiú, Deirdre, Síle, Rosalind** |
| Idirchaidreamh Foirne | I.N.T.O Rep: **Conchur, Sinead, Anna** |

# **<u>Liosta Teagmhála Géarchéime</u>**

**<u>(Le cur suas ar Chlár na bhFógraí, sa Seomra Foirne, san Oifig).</u>**

| Gníomhaire | Uimhir Teangmhála |
|---|---|
| Na Gardaí. | Tamhlacht 6666000.<br>Garda Tom Murray 0857143562 |
| An Briogáid Dóiteán. | 999 /112 |
| Na h-Ospidéil. | 1. Tamhlacht 4142000<br>2. Crumlin 4096100 |
| Na Dochtúirí, | Dr Desmond Coady 4518886<br>Dr Quinn 4521907<br>Glenview Clinic 4515018 |
| An Bord Sláinte. | H.S.E Limistéir Cúraim area 4. 7957601<br>Dr Stevens Hospital 6352000<br>Mary Mercer 4585700 |

| | |
|---|---|
| Cigire/An Roinn Oideachais. | Inspectorate 8896553<br><br>Roinn Oid. Áth Luain 0906483600 |
| Síceolaí N.E.P.S. | Cluain Dolcáin 8650430<br><br>Arthur O Reilly 087 6835495 |
| C.M.É. | 01 8047700 |
| An Sagart Paróiste.<br><br><br><br>Bernardo’s Child & family Centre | 4510620<br><br>St. Dominics Presbytery<br><br>4598035 |

**Bealaí Seachanta**

**Curaclam**

- ***An Polasaí Frith- Mhaistínteachta 2018***
- ***Polasaí Iompair agus Araíonachta***.
- Am Chiorcail.
- Walk Tall/ Fan Sábháilte.
- Fun Friends, Friends for Life , Weaving Wellbeing
- An Nead/ Na Dreoilíní
- ***An Polasaí O.S.P.S.***
- Aire na foirne i leith daltaí le deacrachtaí (msh daltaí dobrónach féin ghortú deacrachtaí maidir le h- ithe srl.).

**Taca**

- N.E.P.S.
- An Sagart Paróiste/ Foireann Thréadachta an Pharóiste.
- Seirbhísí Clainne.

**Timpeallacht Fhisiciúil**

- Druil thine.
- Gléasanna múchta thine.
- Foireann – úsáid na gléasanna múchta thine.
- ***Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta***.
- Maoirseacht Clóis.

# Gníomhaíocht agus Dualgaisí Meán Théarmacha
# Leagan amach cúramaí.

## 24 – 72 h-uair.

| **Tasc** | **Ainm /Grúpa** |
|---|---|
| Athbhreithniú | An Fhoireann. |
| Taca a chur ar fáil do dhaltaí ina n-aonar ina ngrúpaí, tuistí, caomhnóirí, srl. | An Fhoireann. |
| Cothathú foirne/daltaí-pleanáil. | An Fhoireann. |
| Cuairteanna – ar an té a gortaíodh más cuí. | Múinteoir Caidreamh, Baile, Scoile Pobail **Páraic.** |
| Socraidí<br>I láthair/páirt a ghlacadh. | An Fhoireann |
| Dúnadh Scoile. | Marcus Ó Léanacháin |
| Comhairleoireacht más gá-<br>Socraithe cuí. | An Fhoireann Bhainistíochta. |

# <u>**Ós cionn 72 h-uair**</u>

| **Tasc** | **Ainm/Grúpa** |
|---|---|
| Monatóireacht ar dhaltaí i gcóir comharthaí strusa. | Múinteoir Ranga. |
| Measúnú ar fhreagairt na scoile ar an eachtra agus leasú ar an phlean dár réir. | An Fhoireann/Bord Bainistíochta. |
| Plean a leagan amach don todhchaí. | An Fhoireann/Bord Bainistíochta. |

# <u>Uimhreacha Teangmhála Fiúntacha</u>.

| | |
|---|---|
| Barnardos Child & Family<br>Special Needs Service | B.S.O. 4598035 |
| The Samaritans | 116/123<br>JO@samaritans.ie |
| Childline | 1800 666666 |
| Parentline | 8733500 |
| Aware | 1800 804848<br>6617211 |
| Console<br>Pieta | 8685232<br>1800804848 |
| Rainbows.<br>Seirbhísí Comhairleoireachta. | 4734175 |
| Comhleoireacht<br>(marbhánaigh).<br>Bóthar Chill Tobair | 08709049497 |
| H.S.E.<br>Plásóg Ghlas an Mhuilinn.<br>Lár Ionad Príomhchúraim Chill na Manach | 4275000<br><br>9214801 |
| Foireann Tréadacha<br>An Paróiste/ Sagart Paróiste. | 4510620<br>Séipeail Naoimh Domnic |
| Ionaid Acmhainne Thamhlachta<br>:<br>Seirbhísí Linbh agus Clainne.<br>Cill an Ardáin<br>Cill na Manach | 4522533<br><br>4527143<br>4627149 |

**Litir Shamplach do Thuistí & do Chaomhnóirí**

A Thuismitheoirí/Caomhnóirí
Is oth liom a chur in iúl daoibh _____________ (bás,timpiste).

Is mór is trua linn an cás (bás/eachtra) dobrónach seo.

(Tabhair mion eolas gairid ar an eachtra, i gcás báis, roinnt cuimhnithe dearfacha ar an té a bhásaigh).

Tá struchtúir leagtha amach againn chun cabhrú leis na páistí déaláil leis an tragóid seo.

(Mioneolas).

Seans go dteastóidh ó na páistí labhairt libh mar thuistí/ caomhnóirí.

Is fiú an t-am a chur ar leataobh chun éisteacht leo chun iad a spreagadh chun a gcuid tuairimí agus mothúcháin a nochtú libh. Tá sé tábhachtach eolas cruinn fírinneach a thabhairt dóibh ag cur aois an pháiste san áireamh.

Má theastaíonn tuilleadh eolais nó comhairle uait/uaibh déan teagmháil leis na daoine seo leanas sa scoil (mioneolas)

Is mise le meas,

_________________

Príomhoide.

**<u>Litir Shamplach maidir le cead a lorg cabhair agus taca a fáil ó dhaoine phroifisiúnta seachtaracha.</u>**

A Thuismitheoirí /Caomhnóirí

De bharr na tragóide a thárla.................... (Tragóid, bás) tá sé socraithe againn taca phriofisiúnta a chur ar fáil sa scoil dóibh siúd a dteastaíonn cabhair a leith uathu.

Beidh _________________ (síceolaí) ar fáil le dul i mbun oibre i láthair na h-uaire. Labhróidh sé/sí leis na páistí go haonarach nó i mion ghrúpaí dá gcomhairliú agus dá misniú, ag cur aois na bpaistí san áireamh.

Más mian leat labhairt leis an síceolaí nó má tá tuilleadh eolais uait glaoigh ar an scoil nó líon istigh an fhoirm thuasluaite.

Is mise le meas

________________

Príomhoide.

-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Is mian liom go mbuailfidh mo mhac/iníon leis an síceolaí.

Tuigim agus glacaim leis go haonarach nó i ngrúpa ag brath ar na socraithe is cuí.

Ainm an Dhalta:______________________

Dáta Breithe :_____________________

Rang : _____________________

Táim sásta go mbeidh an cabhair siceolaíochtachta seo curtha ar fáil ag __________________ (síceolaí) do mo mhac/iníon.

**Reachtú agus Athbhreithniú.**

Déanadh athbhreithniú ar an bPolasaí seo ar 22/11/2022.

Déanfar an chéad athbhreithniú eile i Meán Fomhair 2023.

Sínithe ag __________________

Marcas Ó Léanacháin

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Dáta ______________________________